

## Bhur bpleananna do Rannpháirtíocht an Phobail

### Cé dó é seo?

Tá an cháipeis seo ceaptha d'iarratasóirí ar chistiú ón gComhairle Ealaíon chun cabhrú libh faisnéis chruinn agus ábhartha a chur ar fáil faoi do phleananna do rannpháirtíocht an phobail mar chuid de bhur n-iarratas ar mhaoiniú.

D'fhéadfaí a áireamh le ceisteanna i ndáil le pleanáil rannpháirtíocht an phobail a bheith éagsúil ó chlár maoinithe amháin go chéile – tugaimid achoimre anseo ar ionchais ghinearálta na Comhairle Ealaíon nuair a dhéantar measúnú ar na sonraí a thaisceann tú mar chuid de d'iarratas.

### Cúlra

Tá leagtha amach i Straitéis dheich mbliana na Comhairle Ealaíon, [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#) roinnt spriocanna don Chomhairle Ealaíon agus do na heagraíochtaí ealaíon a mhaoiníonn sí. Ceann acu seo ná:

#### **Bainfidh níos mó daoine taitneamh as eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán**

D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach, tá gníomhartha leagtha amach ag an gComhairle Ealaíon lena n-áirítear:

#### **Dea-chleachtas i bhforbairt lucht féachana agus i rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn agus a fhorbairt**

Agus d'fhonn:

#### **Deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht mhéadaithe sna healaíona i measc pobail ar leith**

Ba mhaith leis an gComhairle Ealaíon go mbeidh na heagraíochtaí a mhaoiníonn sí páirteach i mbaint amach na sprice sin, ar saothar os comhair an phobail a bhíonn ar siúl acu.

Ciallaíonn sé seo níos mó eagraíochtaí a bheith ag cabhrú le níos mó daoine taitneamh a bhaint as eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán. Is ionann an próiseas iarratais agus deis d'iarratasóirí an saothar atá idir lámha acu faoi láthair ina threo sin a léiriú, agus a gcuid pleananna a chomhroinnt i dtaca le leanúint agus forbairt dá gcuid saothair sa réimse sin.

Ba mhaith leis an gComhairle Ealaíon go léireodh na heagraíochtaí ag cur isteach ar mhaoiniú **braistint shoiléir ar threo agus tuiscint a léiriú ó thaobh rannpháirtíocht an phobail de**, agus cumarsáid shoiléir a dhéanamh faoi:

- Na **spriocanna** atá acu ó thaobh rannpháirtíocht an phobail de
- An **plean** atá acu leis na spriocanna sin a bhaint amach

- Agus na **modhanna** a úsáidfidh siad d'fhonn an méid a bhaineann siad amach a **thomhas**

## Bhur nIarratas a Mheasúnú

Measúnóimid bhur **bpleananna** do rannpháirtíocht an phobail trí shúil a chaitheamh ar bhur n-iarratas agus ar aon ábhar tacúil ábhartha. Ba cheart na rudaí seo a leanas a áirithiú:

- Léirítear feasacht san iarratas ar an ngá le smaointeoireacht ar fud na heagraíochta i dtaca le luchtanna féachana/éisteachta agus rannpháirtithe, agus go mbeidh sé sin comhtháite leis an gclárúchán ealaíonta, an saothar oideachais agus gnéithe eile, lena n-áirítear an mhargaíocht agus an chumarsáid.
- Bíonn líon agus miondealú na dtairbhíthe féideartha inaitheanta agus réadúil. Is féidir go n-áireofaí leis sin rannpháirtíocht fhisiceach agus dhigiteach araon.
- Léirítear feasacht sa phlean ar an gcaoi le spriocanna lucht féachana/éisteachta a shocrú. Ba cheart go n-áireofaí cuspóirí intomhaiste in bhur bpleananna a léirítear i bhfoirm figiúirí nó i dtéarmaí eile ar féidir faireachán a dhéanamh orthu. B'fhéidir go mbeadh sé áisiúil duit leas a bhaint as an uirlis a óstáiltear ar <http://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Rannphairtíocht-an-phobail/> *An tslí le sprioc ó thaobh lucht féachana/éisteachta a leagan amach.*
- Tuairiscítear cuspóirí cáilíochtúla laistigh de bhur bplean freisin (cuir i gcás: aiseolas ó na rannpháirtithe nó caidrimh níos dlúithe a fhorbairt le pobail nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu.
- Léiríonn sibh tiomantas chun luchtanna féachana/éisteachta reatha a choinneáil agus cinn nua a thógáil ar bhealaí nua sa chomhthéacs reatha.
- Léiríonn sibh feasacht faoi theicnící agus cuir chuige éifeachtacha leis an bpobal a bhaint amach agus a rannpháirtíocht a fháil mar luchtanna féachana/éisteachta agus/nó rannpháirtithe.

- Bíonn córa(i)s i bhfeidhm agaibh le ligean daoibh eolas a fháil ar shásaigh sibh bhur spriocanna agus cuspóirí rannpháirtíochta.
- Bíonn dóthain acmhainní curtha ar leataobh agaibh do na spriocanna rannpháirtíochta – e.g. go dtacaítear le haon mhéadú réamh-mheasta ar an lucht féachana/éisteachta sa bhuiséad margaíochta, saineolas saorfoirne nó leithdháileadh foirne don saothar sin.

## A bhfuilimid ag iarraidh a fháil in bhur bpleananna Rannpháirtíocht an Phobail

In [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#) geallann an Chomhairle Ealaíon an réimse daoine a bhíonn rannpháirteach sna healaíona a éagsúlú mar luchtanna féachana/éisteachta agus rannpháirtithe. Féadann roinnt leibhéal rannpháirtíochta a bheith i gceist leis – e.g.

- Luchtanna éisteachta/féachana a **mhéadú** – tuilleadh daoine leis an bpróifíl chéanna leis an sprioclucht reatha a mhealladh
- An caidreamh leis na luchtanna féachana/éisteachta a **dhoimhniú** – ag cur luacha le heispéireas an spriocluchta ach éascú agus spreagadh don lucht féachana/éisteachta dul i ngleic le foirmeacha ealaíne den chineál céanna (nó de chineál eile). Cuirtear dílseacht chun cinn i measc an luchta féachana/éisteachta leis sin agus bíonn fonn orthu teacht ar ais arís
- Lucht féachana/éisteachta a **éagsúlú** – daoine ag a bhfuil próifíl atá éagsúil leis an lucht féachana/éisteachta reatha a mhealladh, lena n-áirítear daoine nach raibh i dteagmháil leis na healaíona cheana<sup>1</sup>
- Rannpháirtithe **ag glacadh páirte** – mar chomhchoimisinéirí, comhchruthaitheoirí agus/nó cinnteoirí.

Ní bhímid ag dúil go gclúdfar na limistéir sin go léir i ngach aon phlean – ach ba chóir go léireofaí go soiléir i sonraí bhur bplean na **cuspóirí** do bhur n-eagraíocht agus na **torthaí** a bhfuil sibh ag iarraidh a ghnóthú.

Teastaíonn “*Plean Achomair um Rannpháirtíocht an Phobail*” ó roinnt clár maoinithe (mar shampla, Maoiniú Deontais do na hEalaíona) le háireamh mar cháipéis tacaíochta. B’fhéidir nach mbeadh an fhaisnéis go léir agaibh le Plean Achomair a bheadh uait le gach ceist thuasliostaithe a fhreagairt. Sa chás sin, ba chóir go leagfaí amach in bhur bplean **cathain** agus **cén chaoi** a dtabharfar aghaidh ar aon easnaimh.

<sup>1</sup> Féach Beartas na Comhairle Ealaíon um [Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht](#).

## A bhfuil i gceist againn le líon “Lucht Éisteachta/Féachana agus/nó Rannpháirtíochta”

Is iad an dá phríomhchuspóir atá ag straitéis reatha na Comhairle Ealaíon *An tEalaíontóir agus Rannpháirtíocht an Phobail*.

Cé go ndíríonn roinnt mhaith eagraíochtaí ealaíne ar lucht féachana/éisteachta an tsaothair, is ann do chineálacha eile rannpháirtíochta leis na healaíona agus ba mhaith linn tuilleadh eolais a fháil orthu sin. Freastalaíonn eagraíochtaí ealaíon ar na riachtanais a bhíonn ag cineálacha éagsúla pobal, luchtanna féachana/éisteachta agus spriocghrúpaí. Díríonn eagraíochtaí áirithe ar shaothar a dhéanamh do leanaí agus daoine óga, ar shaothar a dhéanann leanaí agus daoine óga iad féin nó ar shaothar a dhéanamh le leanaí agus daoine óga; agus díríonn eagraíochtaí eile ar phobail ar leith, nó mar a thugtar orthu go minic, pobail spéise (e.g. daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine a bhaineann le pobail mhionlaigh eitneacha nach de bhunadh na háite céanna iad).

Soláthraíonn eagraíochtaí eile acmhainní, seirbhísí, tacaíocht, treoir, comhairle, abhcóideacht agus oiliúint d’ealaíontóirí i mbun cleachtaidh agus/nó do sholáthróirí/éascaitheoirí tábhachtacha eile d’eispéiris ealaíon. Fágann sé seo nach ionann gach rannpháirtíocht a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon léi agus rannpháirtíocht *an phobail*.

Mar gheall air sin, chun críocha bailithe sonraí, tá ceithre bhrí le 'Rannpháirtíocht':

1. **Lucht féachana/éisteachta**, nó léitheoirí, éisteoirí, breathnóirí, lucht freastail, cuairteoirí, nó daoine eile *a bhíonn ag plé* le healaín agus imeachtaí ealaíon (e.g. ceadail, ceolchoirmeacha, drámaí, taibhithe damhsa, taispeántais ealaíne, litríocht, etc.)
2. Daoine den phobal *a bhíonn páirteach* nó *a chomhshaothraíonn* i dtáirgeadh nó i gcruthú ealaíne, nó a bhíonn páirteach i gceardlanna, i ranganna nó in imeachtaí ealaíon (e.g. daoine scothaosta ag glacadh páirte i gceardlann damhsa, nó saothar amharclannaíochta arna chomhchruthú le gairmithe neamhealaíon)
3. Daoine *a oibríonn go deonach* ar imeacht nó *a oibríonn go deonach* ag imeacht (m.sh féile ealaíon, nó mar fhoireann fáilteachais in ionad ealaíon áitiúil). **Tabhair faoi deara:** ní hionann é sin agus *rannpháirtithe* in imeachtaí ealaíon, ina mbítear páirteach go gníomhach i gcruthú, i dtáirgeadh nó i gcur i láthair saothair.
4. Ealaíontóirí, gairmithe ealaíon agus/nó cleachtóirí eile *a ghlacann páirt* i gceardlanna, i ranganna, i seirbhísí nó i ngníomhaíocht forbartha eile. **(Tabhair faoi deara:** Ní hionann é seo agus gairmithe ealaíon á bhfostú chun saothair a chruthú).

## An méid le háireamh sa teimpléad AAR

Iarraimid dhá chineál figiúirí i dtaca le lucht féachana/éisteachta nó rannpháirtíocht ar an teimpléad AAR:

1. An **“Líon lucht féachana/éisteachta nó na rannpháirtithe – íocóirí”**; sin é líon na ndaoine nach a **íocann** le bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht. Ba cheart líon na **ndíolachán** i gcás leabhair, foilseacháin nó earra/déantáin ealaíne a áireamh leis seo.
2. An **“Líon lucht féachana/éisteachta nó na rannpháirtithe – saor in aisce”**; sin é líon na ndaoine nach **n-íocann** le bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht. Imeachtaí saor in aisce a bheadh i gceist anseo den chuid is mó ach áirítear leis an gcuid seo ticéid in aisce, cuirí chuig oscailt taibhithe nó taispeántais, cóipeanna leabhar a chuirtear amach chun críocha léirmheastóireachta nó poiblíochta.

## Imeachtaí a raibh ticéid ag teastáil ina leith, imeachtaí ar íocadh astu nó figiúirí díolacháin

Ba cheart go mbeadh sé indéanta líon na ndaoine a d’íoc as imeacht a dheimhniú trí shonraí oifig na dticéad nó trí thuiriscí díolacháin. Ba cheart daoibh a chinntiú gur féidir libh cosaint a dhéanamh ar na figiúirí a thugann sibh d’imeachtaí íoctha ag deireadh na tréimhse maoinithe.

## Gníomhaíochtaí atá saor in aisce – gníomhaíochtaí a dteastaíonn ticéid nó nach dteastaíonn ticéid ina leith

D’fhéadfadh sé go dtabharfá faoi ghníomhaíochtaí nach mbíonn ar rannpháirtithe íoc astu. D’fhéadfadh sé go gcuirfeá ticéid nó déantáin ar fáil saor in aisce (oícheanta oscailte, cóipeanna in aisce, etc.).

## Gníomhaíochtaí rannpháirteacha

Má bhaineann an saothar le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta nó for-rochtana, ba cheart daoibh iarracht a dhéanamh taifead a choinneáil ar líon na rannpháirtithe ach foirm áirithintí, bileog “sínigh isteach” nó modh eile a úsáid.

## Luchtanna féachana/éisteachta craolacháin/digiteacha

Sa chás go mbeadh lucht féachana/éisteachta craolacháin/digiteach ag an ngníomhaíocht nó imeacht atá beartaithe agaibh, úsáid modh infhíoraithe d’fhonn líonta réadúla lucht féachana/éisteacha a thuar nó a thomhas. Mar shampla: figiúirí oifigiúla ó chomhghleacaithe craoltóireachta; líonta a chláraíonn le himeachtaí sruthaithe nó a

Íoslódálann ábhar ealaíne nó cruthaitheach. D'fhéadfadh sé go gcabhródh uirlisí anailíse ar líne leat an rannpháirtíocht trí na meáin shóisialta a thuiscint.

### Líonta Ealaíon Sráide agus Seónna Sráide

Má tá imeachtaí ealaíon sráide nó seónna saora in aisce amuigh faoin aer nó imeachtaí comhchosúla nach dteastaíonn ticéid ina leith, bain úsáid as modh infhíoraithe chun bhur lucht féachana/éisteachta a ríomh agus a thuairisciú.

Tá roinnt samplaí de mhodhanna inghlactha leagtha amach sa treoir maidir le hEalaín Sráide, Sorcas agus Seónna in Éirinn <http://www.isacs.ie/images/documents/ISACS-street-arts-handbook.pdf>

### Tinreamh ar Thaispeántas

Mura dteastaíonn ticéid le haghaidh taispeántais, bain úsáid as modheolaíocht chaighdeánach chun tinreamh a ríomh nó a thuairisciú.

Úsáidtear modhanna éagsúla i spásanna taispeántais chun líon an lucht féachana/éisteachta a thaifeadh, lena n-áirítear clicirí, sampláil, gníomhaíocht suirbhé agus uathchórais taifeadta don líon lucht féachana/éisteachta. Ná cuir san áireamh ach líon lucht féachana/éisteachta ón modh ar bhain tú úsáid as chun iad sin a thaifeadh, agus coinnigh taifead mionsonraithe ar an dóigh ar ríomh tú an líon a thuairisc tú don Chomhairle Ealaíon.

Má theastaíonn treoir uait maidir leis an dóigh le freastal ar thaispeántas a thuairisciú, molaimid an tuarascáil seo a thabharfaidh eolas duit ar a ndéanann institiúidí áirithe amharc-ealaíon agus moltar duit modh láidir bailithe sonraí a ghlacadh chugat féin mura bhfuil a leithéid ar bun agat cheana.

<http://artsaudiences.com/wp-content/uploads/2013/11/Here-and-Now-Sketches-of-my-audience-2013-Public-Dissemination.pdf>